

# Splanac 2021-2022

## Script 3 CUID A

### Fógra a hAon

Éanna Ó Conchúir anseo. Is mian liom a fhógairt go bhfuil TG4 ar thóir aisteoirí óga do shraith nua teilifíse. Ní gá taithí aisteoireachta, ach ní mór duit Gaeilge labhartha ar ardchaighdeán a bheith agat. Má tá fonn ort triail aisteoireachta a dhéanamh, seol ríomhphost chugamsa ag [eanna161.ie](mailto:eanna161.ie) roimh dheireadh na seachtaine seo. Gheobhaidh tú cuireadh chuig agallamh i mBaile na hAbhann laistigh de chúpla lá. Tá an tsraith seo lonnaithe in iardheisceart na hÉireann díreach tar éis laethanta uafásacha an ghorta mhóir. Tá sé i gceist againn an chéad chlár a thairfeadh i gceantar Bhaile an Fheirtéaraigh ag tús mhí na Bealtaine.

### Fógra a Dó

Doireann anseo ó Chonradh na Gaeilge. Ní fada uainn Seachtain na Gaeilge anois. Eagrófar neart imeachtaí ar fud na tíre agus is cinnte go gclúdófar réim spéise gach duine idir óg agus aosta. Reáchtálfar ceardlann raidió i mBéal Feirste arís i mbliana – le cuidiú agus le maoiniú ó Raidió na Gaeltachta, Raidió na Life agus Raidió Fáilte. Scoláirí iarbhunscóile agus tríú leibhéal a bheidh ag glacadh páirte san ócáid. Eagrófar comórtais éagsúla fosta – idir thráth na gceist, ealaín, fhilíocht agus a lán eile. Reáchtálfar céilithe, ceolchoirmeacha agus cluichí fosta. Bí linn, mar is tusa croí na teanga.

## CUID B

### Comhrá a hAon

#### An Chéad Mhír

##### Scrúdaitheoir

##### Cáit

Inis dom fút féin, le do thoil?

Is mise Cáit Ní Chonghaile, a dhuine uasail. Tá mé seacht mbliana déag d'aois agus bíonn mo bhreithlá agam ar an aonú lá is fiche de mhí an Mheithimh. Cúigear againn a chónaíonn sa bhaile, mo thuismitheoirí san áireamh. Is cúpla iad mo dheartháireacha, Niall agus Fionn.

##### Scrúdaitheoir

##### Cáit

Agus cá bhfuil cónaí ort, a Cháit?

Cónaím in eastát tithíochta ar imeall na cathrach, anseo i nGaillimh. Ní fada uaim Bóthar na Trá agus is breá liom dul ag siúl ann le mo mhadra.

##### Scrúdaitheoir

##### Cáit

An dtéann tú go lár na cathrach go minic?

Minic go leor, a dhuine uasail. Is breá liom dul ag siopadóireacht le mo chairde – fiú mura gceannaímse aon rud. Faighimid an bus isteach ar an Satharn. Ní bhíonn mórán airgid againn – ach nach cuma sin! A fhad is a bhímid in ann ár scith a ligean agus cupán caife a ól!

#### An Dara Mír

##### Scrúdaitheoir

##### Cáit

Cén caitheamh aimsire atá agat, a Cháit?

Téim ag snámh go minic. Is snámhaí réasúnta maith mé. Téim go dtí an linn snámha cúpla uair sa tseachtain – agus is breá liom dul ag snámh san fharraige le linn an tsamhraidh. Imríim rugbaí freisin, creid é nó ná creid!

##### Scrúdaitheoir

##### Cáit

Inis dom faoi sin.

Daíd is cúis leis, is dócha! D'imir sé le Connachta na blianta ó shin agus téann sé chuig na cluichí móra anseo i nGaillimh agus i Staid Aviva. Thosaigh mé féin ag dul in éineacht leis roinnt blianta ó shin. D'imir mé le club áitiúil arú anuraidh.

##### Scrúdaitheoir

##### Cáit

Conas tá ag éirí le rugbaí na mban i gcoitinne, a Cháit?

Rinne an fhoireann náisiúnta gaisce cúpla bliain ó shin, ach theip orthu áit a fháil i gCorn an Domhain anuraidh. Tá obair le déanamh acu fós!

##### Scrúdaitheoir

Ba dheas a bheith ag caint leat, a Cháit. Slán leat anois.

### Comhrá a Dó

#### An Chéad Mhír

##### Scrúdaitheoir

##### Dónal

Déarfainn gur scoil mhór í seo, a Dhónail.

Is fíor sin, a dhuine chóir. Tuairim is seacht gcéad dalta atá anseo – idir bhuachaillí agus chailíní.



<b>Scrúdaitheoir</b>	An dtaitníonn an scoil leat?
<b>Dónal</b>	Taitníonn sí go mór liom. Tá atmaisféar na hoibre againn anseo agus leagtar béim ar imeachtaí seach-churaclaim freisin. Seinnim féin le ceolfhoireann na scoile agus canaim sa chór freisin.
<b>Scrúdaitheoir</b>	Tá suim mhór agat sa cheol, mar sin, a Dhónail!
<b>Dónal</b>	Is fíor sin, a scrúdaitheoir. Is é ceol an t-ábhar scoile is fearr liom agus ba bhreá liom a bheith i mo mhúinteoir ceoil amach anseo.
<b>An Dara Mír</b>	
<b>Scrúdaitheoir</b>	Cén ceoltóir is fearr leat?
<b>Dónal</b>	Ed Sheeran, gan dabht. Is é mo laoch é, dáiríre. Rugadh i Sasana é, ach tá sé an-cheanúil ar Éirinn agus ar chultúr na tíre seo. Tá mórán amhrán scríofa aige d'amhránaithe agus do bhannaí ar nós Taylor Swift agus <i>One Direction</i> .
<b>Scrúdaitheoir</b>	An bhfaca tú riamh ar stáitse é?
<b>Dónal</b>	Ní fhaca fós, ach tá dea-scéal agam. Beidh sé ar stáitse i bPáirc Uí Chaoimh i mí Aibreáin agus tá ticéad curtha in áirithe agam don ghig sin. Beidh gigeanna eile aige i Luimneach agus i mBéal Feirste leis – mar chuid dá chamchuairt Eorpach.
<b>Scrúdaitheoir</b>	Cá mhéad atá ar na ticéid?
<b>Dónal</b>	Ochtó is a haon euro dóibh siúd a bhíonn sásta seasamh – agus nócha a haon euro má bhíonn suíochán uait.
<b>Scrúdaitheoir</b>	Bhuel, go n-éirí leat, ar aon nós, a Dhónail.
<b>Dónal</b>	Go raibh míle maith agat, a dhuine chóir.

## CUID C

### Píosa a hAon

Léiríonn figiúirí díolacháin feithiclí go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar an líon carranna nua a cláraíodh in Éirinn go dtí seo i mbliana. An rud is measa faoin scéal ná gur in olcas atá cúrsaí ag dul le roinnt seachtainí anuas. Tá imní ar thionscal na gcarranna go gcaithfear ionaid díolacháin a dhúnadh ar fud na tíre. Is iomaí cúis atá leis seo. Luaitear Breatimeacht agus ganntanas carranna de dhéantúis áirithe, mar shampla. Tá praghsanna breosla ardaíthe go mór fosta – agus níl daoine in acmhainn carr nua a cheannach dá bharr sin. Ar ndóigh, tá go leor den phobal idir dhá chomhairle fós faoi ghluasteáin hibrideacha agus leictreacha.

### Píosa a Dó

Beidh Fáilte Éireann ag lainseáil feachtas poiblíochta sna Stáit Aontaithe go luath le hiarracht a dhéanamh gnó na turasoíreachta a mhealladh ar ais go dtí an tír seo i mbliana. Tharla titim thubaisteach i líon na Meiriceánach a tháinig go hÉirinn le cúpla bliain anuas, ní nach ionadh. Dúshlán ollmhór a bheidh i gceist mar go bhfuil eagla fós ar dhaoine taisteal ar eitiltí fada. Agus, ar ndóigh, tá srianta áirithe *COVID-19* fós i bhfeidhm freisin. Ní mór an feachtas poiblíochta seo a bheith an-éifeachtach toisc an Bhreatain agus tíortha eile na hEorpa a bheith ag iarraidh turasoírí a mhealladh chucu féin chomh maith.

## Script 4 CUID A

### Fógra a hAon

Macdara anseo ó Choláiste Choilm i nGaeltacht Thír Chonaill. Beidh cúrsaí samhraidh á reáchtáil againn arís i mbliana. Trí chúrsa ar fad a bheidh ann – do bhuachaillí agus do chailíní meánscoile. Beidh na scoláirí ar lóistín i dtíthe le muntir na háite agus is í an Ghaeilge gnáth-theanga chumarsáide na ndaoine sna títhe sin. Usáidfear modhanna nua múinte sna ranganna – le béim ar leith ar labhairt na teanga. Ní fhóstar ach múinteoirí den scoth, ar ndóigh. Beidh lear mór imeachta tráthóna againn – ina measc, amhránaíocht, céilithe, tráth na gceist, cluichí páirce, snámh agus turais lae. Bígí i dteagmháil linn go luath, mar sin.

### Fógra a Dó

Fógraítear go mbeidh an Garda Síochána ag déanamh earcaíochta go luath. Fáilteofar roimh iarratais ó mhná agus ó fhir a bhfuil gairm dhúshlánach á lorg acu. Ní mór d'iarratasóirí a bheith os cionn ocht mbliana déag d'aois agus faoi bhun fiche is a hocht mbliana ar an gcéad lá de mhí na Bealtaine, dhá mhíle fiche is a dó. Mar chuid den phróiseas roghnaithe beidh ar na hiarratasóirí sin dul faoi mheasúnú scríofa go luath. Beidh agallamh agus scrúdú fisiceach i gceist freisin. Cúrsa dhá bhliain a bheidh ann chun ballraíocht an Gharda Síochána a bhaint amach. Is féidir tuilleadh eolas a fháil ón suíomh gréasáin [www.garda.ie](http://www.garda.ie).

## CUID B

### Comhrá a hAon

#### An Chéad Mhír

**Agallóir** Fáilte go clár na hoíche anocht, a éisteoirí. I mo theannta tá Muiris Ó Ceallacháin. Inis dúinn faoin obair a dhéanann tú, le do thoil, a Mhuiris.

**Muiris** Cinnte, a Ríoghnach. Is státseirbhíseach anseo sa chathair mé – agus oibrím go deonach le Cumann Naomh Uinseann de Pól chomh maith.

**Agallóir** Cumann Naomh Uinseann de Pól? Cad a spreag chuige sin thú, a Mhuiris?

**Muiris** Bhuel, cónaimse féin gar do lár na cathrach agus siúlaim abhaile ón oifig gach lá. Tugaim faoi deara na bochtáin agus na dídeanaithe ar thaobh na sráide. Taca an ama seo anuraidh bheartaigh mé gníomh fóna éigin a dhéanamh ar mhaithe leo siúd atá in ísle brí. Mar sin, thairg mé mo chuid seirbhísí don chumann sin.

#### An Dara Mír

**Agallóir** Cé hiad na bochtáin sin atá i gceist agat, a Mhuiris?

**Muiris** Is daoine iad a bhfuil fadhbanna dá gcuid féin sa saol acu – cuid acu tugtha don ól nó scartha lena gcuid teaghlach. Is iomaí scéal brónach atá cloiste agam, dáiríre.

**Agallóir** Is trua san. Conas a chabhraíonn tú leo?

**Muiris** Bíonn tábhacht mhór ag baint leis an gcuairt rialta a thugaimid orthu. Is breá leo an comhlúadar – agus cuirtear anraith agus ceapairí ar fáil dóibh leis. Uaireanta tugaimid éadaí athlámhe nó lóistín oíche dóibh siúd a mbíonn siad de dhíth go géar uathu.

**Agallóir** An mbíonn sé deacair go leor oibríthe deonacha a fháil?

**Muiris** Bíonn – ó am go chéile. I mbliana, mar shampla, bhí orainn feachtas earcaíochta a dhíriú ar na ngnáthphobal. Ach é sin ráite, tá Cumann Naomh Uinseann de Pól ar an saol anseo in Éirinn ón mbliain míle, ocht gcéad daichead is a ceathair. Sin éacht duit, a Ríoghnach!

**Agallóir** Níl aon dabht faoi sin, a Mhuiris. Go raibh míle maith agat – agus go n-éirí go geal leis an obair dheonach atá á déanamh agat féin agus ag do chairde!

### Comhrá a Dó

#### An Chéad Mhír

**Niall** An bhfuil drochnéal ortsa inniu, a Laoise? Tá cuma iontach gruama ort.

**Laoise** Bailigh leat, a Niall, agus ná bí ag cur isteach orm. Níl fonn cainte orm.

**Niall** Cad tá cearr, a Laoise?

**Laoise** Tá mé bréan den scoil seo – tinn tuirseach di! Agus ní thig liom díriú ar mo chuid staidéir ach oiread.

**Niall** Ach shíl mise go raibh tú breá sásta leis an scoil.

**Laoise** Bhí, a Niall – go dtí gur thosaigh mé ag smaoineamh ar scrúdú na hArdteistiméireachta. Tá mé iontach buartha, mar ní dóigh liom gur éirigh go rómhaith liom sna bréagscrúduithe. Maróidh Mam agus Daid mé, mar bhí pleananna móra acu dom.

#### An Dara Mír

**Niall** Dhera, bíodh ciall agat, a Laoise. Nár éirigh go han-mhaith leat i Scrúdú na Sraithe Sóisearaí?

**Laoise** D'éirigh, ach cén mhaith é sin anois? Níor scrúdú ceart é sin. go háirithe mar gheall ar an choróinvíreas. Nach cuimhin leat?

**Niall** Is cuimhin go maith, Ach tuigim an brú atá á chur ag do thuismitheoirí ort. Ní hé saol na scoile an fhadhb ata agat, ach fadhb sa bhaile. Tugtar deiseanna maithe agus cothrom na Féinne d'achan duine sa scoil seo.

**Laoise** B'fhéidir go bhfuil an ceart agat. Ní thuigeann mo thuismitheoirí go ndéanaimse mo dhícheall i gcónaí.

**Niall** Caithfidh tú an scéal a phlé leo, mar sin. Tá níos mó sa saol seo ná córas na bpointí. Feach, an dtiocfaidh tú chuig scannán liom oíche amárach?

**Laoise** Ó, níl a fhios agam, a Niall. Beidh orm ceist a chur ar mo thuismitheoirí.

**Niall** Ó. a Dhia!

## CUID C

### Píosa a hAon

Scéal brónach daoibh anois. Maraíodh fear óg as Contae Liatroma i dtimpiste bóthair thall i Londain. Sé bliana is fiche d'aois a bhí Eoin Mac Diarmada, nuair a leagadh dá rothar é in Kilburn i dtuaisceart na cathrach tráthnóna inné. Innealtóir ba ea é agus thosaigh sé ag obair i Londain arú anuraidh. Bhí a thuismitheoirí ar cuairt chuige nuair a tharla an tragóid. Fuair siad eitilt ó Chnoc Mhuire maidin Déardaoin seo caite. Deartháir agus deirfiúr amháin atá ag Eoin agus iad níos óige ná é féin. Go ndéana Dia trócaire ar a anam uasal.

### Píosa a Dó

Tá comhairleoirí contae i gCiarraí ar deargbhuile i láthair na huaire. Deir siad gur goideadh comharthaí slándála a bhí curtha ina airde acu sna Cruacha Dubha, sléibhte in Uíbh Ráthach in iardheisceart an chontae. Bhí na comharthaí ann chun foláireamh a thabhairt do dhaoine go bhfuil sé fíorchontúirteach d'éinne gan taithí dreapadóireachta dul ag siúl ar roinnt de na beanna ann. Nuair a bhíonn drochaimsir ann, is fear gan dul ag dreapadh ar aon cheann de na beanna gan treoraí sciliúil le taithí mhaith a bheith in éineacht leat. Murach treoraithe deonacha áitiúla, bheadh triúr déagóirí cailte an mhí seo caite, dar le hurlabhraí ón gComhairle Contae.

## Scéal Grafach - Drochlá san oifig!

(iii) An tráthnóna sin, chuaigh sé caol díreach chuig teach Thiarnáin. D'inis sé dó faoinar tharla agus chuir sé ina leith gur ghoid sé céad euro ón scipéad. Shéan Tiarnán go ndearna sé amhlaidh. Ní raibh aon airgead tógtha aige.

‘Ach bhí ceamara ann. Chonaiceamar thú.’

‘Thóg mé bileog do champa samhraidh, ach níor thóg mé aon airgead. Ní chreidim nach gcreideann tú mé.’

Ba léir go raibh Tiarnán iontach míshásta gur cuireadh gadaíocht ina leith agus d'éirigh achrann idir an bheirt acu.

Ní raibh Daire in ann codladh an oíche sin. Chuaigh sé tríd an rud ar fad ina intinn arís agus arís eile. Ní raibh an scipéad oscailte agus ní raibh sé éasca é a oscailt, go háirithe ón taobh eile den chuntar. An raibh Tiarnán ag insint na fírinne?

Bhí inní air agus é ag dul isteach chun na hoibre an mhaidin ina dhiaidh sin. Cheap sé go mbeadh na gardaí ag fanacht air. Nuair a thiofadh an scéal amach gur inis sé bréag don bhainisteoir, is cinnte go dtabharfaí bata agus bóthar dó.

Ní raibh aon gharda sa siopa roimhe agus ní raibh cuma chrosta ar an mbainisteoir ach oiread. Bheannaigh sé go cairdiúil do Dhaire agus lean sé ar aghaidh amhail is nár tharla aon rud an lá roimhe sin. Chuir sé seo iontas ar Dhaire. Tar éis tamaill, chuir sé ceist ar an mbainisteoir.

‘Aon scéal faoin airgead a chuaigh ar strae inné?’

‘Ó, é sin! Ba cheart dom téacs a chur chugat faoi sin. Bhí mé ag glanadh suas aréir agus tháinig mé ar dhuillín Viosa a cuireadh isteach san áit mhícheart. Tá an t-airgead ar fad ansin. Níor tharla aon ghadaíocht.’

Bhí idir fhaoiseamh agus fhearg ar Dhaire. Faoiseamh nach mbeadh air é féin a mhíniú do na gardaí, ach fearg gur cuireadh an ghadaíocht i leith a charad. Anois, bheadh obair mhór aige síocháin a dhéanamh le Tiarnán arís! Ní raibh sé ag súil leis an gcomhrá sin!

### Gluais

déan talamh slán de *take for granted*    buail = buaigh air    scipéad = tarraiceán  
taifead *record*    as cosán = mícheart    sceith = scaoil rún    achrann = trioblóid

